SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2019

GAEILGE: ARDLEIBHÉAL AGUS GNÁTHLEIBHÉAL

Tá trí chuid sa trial seo: Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin clóbhuailte ar do scrúdpháipé

Cuid A

Fógra a hAon

Seo fógra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuirfidh RTÉ Raidió na Gaeltachta comórtas amhráin ar siúl i mí Eanáir. 'Cum Amhrán' is ainm den chomórtas seo. Tá an comórtas seo díríthe ar dhaoine óga a bhfuil suim acu i ngach saghas ceoil. Le cuir isteach ar an chomórtas seo caithfidh na hiarrathóirí amhrán a chumadh i nGaeilge agus ceol a chuir leis na liricí agus ansin físeán a dhéanamh de dhuine ag canadh an amhráin. Gheobhaidh an buaiteoir duais míle euro. Tá gach eolas faoin chomórtas ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig ceol@rnag.ie. Is é an t-ochtú lá is fiche de mhí Eanáir an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha.

Fógra a Dó

Seo fógra ó Chumann na bhFeirmeoirí i nGaillimh. Tá an cumann ag eagrú cruinniú poiblí in Óstán na Trá sa Spidéal oíche Dé Céadaoin seo chugainn. Tosóidh an cruinniú seo ar a leath uair tar éis a hocht. Déanfar plé ag an gcruinniú ar an tionchar a bhí ag an aimsir ar chúrsaí feirmeoireachta in Éirinn le bliain anuas. Bhí aimsir an-fhliuch ann san earrach. Bhí na páirceanna faoi uisce agus b'éigean do na feirmeoirí na hainmhithe a choimead istigh. Bhí teas mór agus triomach millteanach ann sa samhradh agus chuir siad sin isteach ar fhás an fhéir. Faoi láthair tá imní mhór ar na feirmeoirí nach mbeidh go leor fodair acu do na hainmhithe an geimhreadh seo. Déanfaidh uachtarán Cumann na bhFeirmeoirí caint speisialta ag an gcruinniú.

Cuid B

Comhrá a hAon

Cathal: Fáilte ar ais abhaile, a Shíle. Ní fhaca mé thú ó bhí tús an tsamhraidh ann. Cá raibh tú?

Síle: Bhuel, a Chathail, chaith mé an samhradh ar fad i nDún Garbhán. Bhí post samhraidh agam ansin.

Cathal: Cá raibh tú ag obair?

Síle: Bhí mé ag obair i siopa rothar sa bhaile mór.

Cathal: I siopa rothar? Conas a fuair tú post i siopa rothar i nDún Garbhán?

Síle: Bhuel, bhí oibrí breise ag teastáil ann mar tá fás ar líon na ndaoine a thógann rothar ar cíos sa cheantar. Ar chuala tú caint riamh ar an nGlasbhealach, Rian Glas na nDéise?

Cathal: Chuala, tá a fhios agam go bhfuil an Glasbhealach, Rian Glas na nDéise, idir Dún Garbhán agus Cathair Phort Láirge ach níl mórán eolais eile agam faoi. Inis dom faoi.

Síle: Leanann Rian Glas na nDéise sean líne an iarnróid. Tá sé daichead a sé ciliméadar ar fad. Bíonn daoine ag siúl agus ag rothaíocht air.

Cathal: Tá a lán glasbhealaí ann anois, a Shíle. Cén fáth a dtarraingíonn na glasbhealaí a lán cuairteoirí go dtí na ceantair ina bhfuil siad, dar leat?

Síle: Bhuel, a Chathail, tá sé sábháilte a bheith ag siúl agus ag rothaíocht orthu mar ní bhíonn trácht gluaisteáin orthu. Is iontach an deis do dhaoine iad na glasbhealaí chun caitheamh aimsire sláintiúil a bheith acu amuigh faoin aer.

Cathal: Is dócha go gcuireann na glasbhealaí le cúrsaí eacnamaíochta na gceantair sin, a Shíle.

Síle: Cuireann, gan amhras. Bhí borradh mór faoi chúrsaí gnó i gceantar Dhúin Garbháin an samhradh seo caite. Bhí na hóstáin agus na tithe lóistín lán le cuairteoirí. Rinne na siopaí agus na bialanna níos mó airgid ná riamh.

Cathal: Léigh mé i dtuairisc le déanaí gur chuir an rialtas airgead ar fáil sa cháinaisnéis chun níos mó glasbhealaí a fhorbairt ar fud na tíre.

Síle: Is dea scéal é sin.

Cathal: Ní mór dom cuairt a thabhairt ar cheann acu an samhradh seo chugainn.

Comhrá a Dó

Bríd: Haigh, a Mháirtín. Bríd anseo. Comhghairdeas leat as do thorthaí iontacha san Ardteistiméireacht.

Máirtín: Ó, go raibh maith agat, a Bhríd. Táim an-sásta. Fuair mé 577 pointe.

Bríd: Cén cúrsa a dhéanfaidh tú ar an ollscoil an bhliain seo chugainn?

Máirtín: Táim chun cúrsa dlí agus gnó a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide.

Bríd: An bhfuil tú ag tnúth le saol na hollscoile?

Máirtín: Tá mé ag tnúth go mór leis, cinnte. Ach níl mo thuismitheoirí ag tnúth leis mar beidh costas ard ar mo lóistín i mBaile Átha Cliath.

Bríd: Is minic a bhíonn daoine ag gearán faoin gcíos ard a bhíonn le híoc ar lóistín do mhic léinn i mBaile Átha Cliath. An bhfuil lóistín faighte agat féin fós?

Máirtín: Tá, fuair mé pacáiste eolais faoi chúrsaí lóistín ó Oifig na Mac Léinn san ollscoil. Ansin chaith mé féin agus mo thuismitheoirí dhá lá i mBaile Átha Cliath ag cuardach lóistín.

Bríd: Conas a bhí an cuardach lóistín i mBaile Átha Cliath?

Máirtín: Bhí brú uafásach ag baint leis. Bhí scuainí an-fhada ann beagnach gach áit a raibh lóistín maith ar fáil. Bhí a lán áiteanna ann nach raibh sásúil in aon chor.

Bríd: Ach ar éirigh leat lóistín oiriúnach a fháil?

Máirtín: D'éirigh liom ar deireadh. Fuair mé áit bhreá i nDún Droma.

Bríd: Conas a rachaidh tú go dtí an ollscoil gach maidin?

Máirtín: Rachaidh mé ar an Luas gach maidin, ach beidh orm éirigh an-luath ar maidin chun a bheith in am do na léachtaí. Ní maith liom é sin, a Bhríd.

Bríd: Bhí an t-ádh dearg ormsa, a Mháirtín. Beidh mise ag freastal ar Ollscoil Luimní agus fuair mé lóistín gar de champas na hollscoile.

Máirtín: Tá na costais an-ard i mBaile Átha Cliath, a Bhríd. Tá roinnt airgid agam mar bím ag múineadh ranganna snámha gach Satharn mar is eol duit.

Bríd: Ní bheidh saol éasca agat. Ná déan dearmad glaoch a chuir orm anois is arís, a Mháirtín, mar bhíonn nóiméad saor agat. Slán go fóill.

Cuid C

Píosa a hAon
Tógadh Teach Solais Fhánada i dtuaisceart Dhún na nGall chun córas sábhailteachta a chur ar fáil ar an fharraige ar chósta thuaidh na hÉireann. Tógadh é i dtús an naoú haois déag. Lasadh an solas ann den chéad uair ar Lá Fhéile Pádraig sa bhliain 1817. Tá teach solais Fhánada suite ar an bhealach turasóireachta Slí an Atlantaigh Fhiáin. Osclaíodh Teach Solais Fhánada do thurasóirí i mí Aibreán 2016. Tá sé ar cheann den dá theach solais déag sa tír atá ar oscailt do thurasóirí anois mar chuid den chlár turasóireachta Tithe Solais Móra na hÉireann. Is féidir dul ar thuras treoraithe i dTeach Solais Fhánada anois. Chomh maith leis sin, tá léargas ar stair agus ar oidhreacht an cheantair le fáil sna taispeántais in ionad na gcuairteoirí.

Píosa a Dó
Bhí na sluaite i láthair i bPáirc an Chrócaigh do chluiche ceannais na hÉireann sa pheil ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair anuraidh. Foireann Bhaile Átha Cliath agus foireann Thír Eoghain a bhí ag imirt. Rinne foireann Bhaile Átha Cliath gaisce an lá sin nuair a bhuaigh siad craobh na hÉireann den cheathrú huair as a chéile. Tar éis an chluiche, moladh painéal imreoirí Bhaile Átha Cliath as a gcuid scileanna peile agus as an aclaíocht a thaispeáin siad ar pháirc na himeartha. Bhí triúr d'imreoirí Bhaile Átha Cliath san iomaíocht don ghradam Peileadóir na Bliana anuraidh. Bronnadh an gradam sin ar an imreoir lár páirce Brian Fenton ag ócáid speisialta i mBaile Átha Cliath ag deireadh na bliana seo caite.